

Rannpháirtíocht Leanaí Maidir le Déanamh Cinntí

Treoir deachleachtais ó oifig an
ombudsman do leanaí



ombudsman
do leanaí
for children

RÉAMHRÁ

Tá sé de cheart ag leanaí a dtuairimí a chur in iúl agus go gcuirfear na tuairimí sin san áireamh, de réir a n-aoise agus a dtuisceana. Tá an fhreagracht ar chomhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí a oibríonn le leanaí meas a bheith acu ar an gceart sin. Ach tá seans gur scáfar an tasc é sin d'eagraíochtaí nár thug páirt do leanaí ina bpróisis déanta cinntí roimhe seo.

Tá sé de dhualgas ar Oifig an Ombudsman do Leanaí, faoin Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, éisteacht le tuairimí na leanaí agus aird a tharraingt ar na rudaí a chuireann as dóibh. Ó 2004 ar aghaidh chuir an Oifig ceart na leanaí éisteacht a fháil chun cinn agus chuir siad deiseanna ar fáil do leanaí a dtuairimí a chur in iúl dúinn agus don rialtas, ranna, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí a dhéanann cinntí faoi dhlíthe, polasaithe, seirbhísí agus cleachtais a théann i bhfeidhm orthu. Déanaimid é seo ar roinnt bealaí, lena n-áirítear suirbhéanna, tionscadail thiomnaithe a thugann leanaí a dtéann na saincheisteanna seo i bhfeidhm orthu le chéile lena dtuairimí agus ábhair imní a roinnt, chomh maith le bheith ag éisteacht le leanaí mar chuid dár bpróiseas déanta gearán.

Trí leas a bhaint as an taithí atá againn maidir le rannpháirtíocht leanaí, leagtar amach sna treoirlínte seo roinnt de na rudaí tábhachtacha le cur san áireamh nuair a dhéantar iarracht tuairimí leanaí a fháil. Cuireann na treoirlínte méar eolais ar fáil maidir leis na hacmhainní breise atá ar fáil le haghaidh tuilleadh eolais a fháil.

Tá súil againn go gcuirfidh an treoir seo comhairle úsáideach ar fáil duit agus go dtacóidh sé leat tús a chur leis an turas an-fhiúntach i dtreo leanaí agus daoine óga a chur san áireamh sa phróiseas déanta cinntí i d'eagraíocht.

CAD IS RANNPHÁIRTÍOCHT LEANAÍ ANN?

Is éard is rannpháirtíocht leanaí maidir le déanamh cinntí ná deiseanna a thabhairt do leanaí a dtuairimí a chur in iúl gan srian i dtimpeallacht thacúil, éisteacht lena gcuid tuairimí agus na tuairimí sin a chur san áireamh agus cinntí a théann i bhfeidhm orthu á ndéanamh.

Cumhdaítear an prionsabal maidir le rannpháirtíocht leanaí in Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL). Deirtear in Airteagal 12 go bhfuil sé de cheart ag leanaí a bhfuil tuairimí acu na tuairimí sin a chur in iúl gan srian. Deirtear chomh maith in Airteagal 12 nach mór aird chuí a thabhairt do na tuairimí seo, de réir aois agus tuiscint an linbh. Féadann leanaí a dtuairimí a chur in iúl don lucht déanta cinntí go díreach nó trí ionadaithe cosúil le tuismitheoirí, caomhnóirí, gairmithe nó eagraíochtaí.



MÚNLAÍ DE RANNPHÁIRTÍOCHT LEANAÍ

Tá a lán múnlaí de rannpháirtíocht ann agus cuimsítear roinnt acu sa doiciméad, *Participation Models, Citizens, Youth, Online*, atá ar fáil ag www.nonformality.org/wp-content/uploads/2011/07/Participation-Models-20110703.pdf

Úsáidtear an múnla Lundy (nó *The Lundy Model*) go forleathan in Éirinn faoi láthair. Le haghaidh samplaí maidir le cathain agus conas a úsáidtear é seo, féach *An Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga sa Chinnteoireacht 2015-2020* atá ar fáil www.dcy.gov.ie/documents/playandrec/20150617NatStratonChildrenandYoungPeoplesParticipationinDecisionMaking2015-2020.pdf agus sraith straitéisí de chuid Tusla maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga atá ar fáil ag [www.tusla.ie/uploads/content/Tusla_-_Toolkit_\(web_version\).pdf](http://www.tusla.ie/uploads/content/Tusla_-_Toolkit_(web_version).pdf)

CÉIM 1: AN RANNPHÁIRTÍOCHT A PHLEANÁIL

- o Bí réamhghníomhach
- o Bí ábhartha
- o Bí ullmhaithe
- o Bí cuimsitheach ón tús
- o Bí faisnéiseach
- o Bí eiticiúil agus dlíthiúil
- o Bí uileghabhálach

Bí réamhghníomhach

Deir an CNACL go gcaithfidh a *chinntiú* ceart na leanaí éisteacht a fháil. Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé faoi na daoine fásta, eagraíochtaí agus an rialtas deiseanna rannpháirtíochta do leanaí a chur ar fáil agus a chruthú ar bhonn gníomhach. An bhfuil cinntí á ndéanamh agat a mbeidh tionchar díreach nó indíreach acu ar leanaí? An bhfuil na leanaí atá i gceist, nuair atá an t-eolas agus an tacaíocht chuí acu, ábalta teacht ar thuairim faoi sin? Má tá, ba cheart duit smaoineamh faoi conas a éistfidh tú lena dtuairimí.

Tá sé tábhachtach go ndéanann tú talamh slán de ar dtús go bhfuil sé chun leas na leanaí, de ghnáth, go n-éistfear leo agus gur féidir leo, nuair a thacaítear leo i gceart, a dtuairimí a chur in iúl. Ach d'fhéadfadh go mbeadh cásanna ann ina bhféadfadh sé a bheith díobhálach do leanaí agus nach mbeadh sé chun leas na leanaí páirt a thabhairt dóibh i gcinnteoireacht. Más amhlaidh an cás, ba cheart go mbeadh sé soiléir cén fáth nach lorgaítear tuairimí na leanaí.

Bí ábhartha

Smoinigh go cúramach maidir le cad faoi a bhfuil tú ag iarraidh dul i gcomhairle le leanaí. Tá sé de cheart ag leanaí go n-éistfear lena dtuairimí faoi chúrsaí a théann i bhfeidhm orthu. Osclaíonn sé seo raon leathan réimsí ar cheart dul i gcomhairle le leanaí fúthu, ó athruithe ar a n-éadaí scoile go leasuithe ar chúram sláinte do leanaí. Ach cuirfidh sé mearbhall ar leanaí dá gcuirfí ceisteanna orthu maidir le cúrsaí nach mbaineann leo, cuirfidh sé as dóibh agus ní chuirfidh siad suim ann. Más féidir, cuir ceisteanna ar leanaí agus daoine óga maidir leis na cinntí a bhfuil siad ag iarraidh go mbeidh tionchar acu orthu, nó bain úsáid as eolas a fhaigheann tú uathu ar bhealaí eile.

Le haghaidh moltaí maidir leis na ceisteanna ba cheart duit cur ort féin sula n-iarrann tú go nglacfaidh leanaí páirt, féach *Consulting with Children and Young People Toolkit* (leathanach 7-8) at www.hants.gov.uk/rh/comm/toolkit-young-person-consulting.doc





Conas a bheith Ábhartha Ag Dul i nGleic le Bulaíocht i Scoileanna

Fuair Oifig an Ombudsman do Leanaí gearáin faoi bhulaíocht i scoileanna. Tháinig bulaíocht chun cinn inár gceardlanna ina raibh leanaí páirteach agus ba léir go raibh bulaíocht tábhachtach dóibh agus gur chúis imní dóibh é. Chinn an Oifig chun éisteacht le tuairimí leanaí maidir le cad atá siad ag iarraidh go ndéanadh scoileanna faoi bhulaíocht. Roinn os cionn 300 leanbh a dtuairimí linn agus d'fhoilsíomar tuarascáil faoi sin. Bhí an Roinn Oideachais agus Scileanna ag déanamh scrúdú ar bhulaíocht ag an am chomh maith. Thacaigh tuarascáil na hOifige eolas a thabhairt do Plean Gníomhaíochta na Roinne maidir le Bulaíocht agus na Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna..

Féach www.oco.ie/app/uploads/2012/05/OCO-Bullying-Report-20121.pdf

Bí ullmhaithe

Pleanáil chomh cúramach agus is féidir i dtaca leis an leanbh nó leanaí ar leith ar mhaith leat a dtuairimí a fháil uathu. Is iad na ceisteanna seo a leanas na ceisteanna le smaoineamh orthu:

- o **Ábhar agus ceisteanna soiléire:** Cad faoi a bhfuil tú ag iarraidh tuairimí na leanaí? Ba cheart go mbeadh an t-ábhar agus na ceisteanna ar mian leat iad a tharraingt aníos soiléir, agus ba cheart go mbeifeá ábalta iad a chur in iúl go soiléir do na leanaí.
- o **Aidhmeanna agus cuspóirí:** Cad iad aidhmeanna agus cuspóirí an chleachtais rannpháirtíochta? Ba cheart go leagfaí na rudaí sin amach go soiléir ar dtús.
- o **Am:** Tá sé tábhachtach go dtógann tú go leor ama chun pleanáil a dhéanamh maidir le cad ba mhaith leat a dhéanamh agus chun socruithe praiticiúla a chur i bhfeidhm. Ba cheart go n-áireofaí leis seo dóthain ama ag gach seisiún rannpháirtíochta le tacú le leanaí a machnamh a dhéanamh ar an ábhar, ceisteanna a chur faoi agus a dtuairimí a chur in iúl.
- o **Suíomh:** Má tá sé de rún agat bualadh leis na leanaí ar bhonn aghaidh ar aghaidh, cén áit a mbuailfidh tú leo? Ba cheart go mbeadh sé éasca, ó thaobh na tíreolaíochta de agus go fisiciúil, teacht ar an suíomh, go mbeadh sé oiriúnach do leanaí agus go mbeadh sé compordach. Mura féidir le leanbh nó leanaí taisteal chun bualadh leat, cuimhnigh ar aipeanna cosúil le Skype nó Facetime a úsáid chun iad a chur san áireamh.
- o **Cén uair:** Cathain a tharlóidh an cleachtas rannpháirtíochta? Tá sé tábhachtach cuimhnemh go mbíonn sceidil leanaí difriúil ó sceidil daoine fásta go minic, agus ba cheart féilire na scoile a chur san áireamh i gcónaí. Féadfar go mbeidh gá ann na comhairliúcháin a réachtáil sa tráthnóna, ag an deireadh seachtaine nó le linn laethanta saoire scoile. De ghnáth, ba cheart na míonna thart ar scrúduithe a sheachaint más mian leat go nglacfaidh daltaí iarbhunscoile páirt.
- o **Cé a éistfidh leo?:** Cé a éistfidh le tuairimí na leanaí? Más cuí, ba cheart gur dhuine a bhfuil aithne ag na leanaí air/uirthi cheana féin, agus a bhfuil na leanaí ar a suaimhneas ina láthair, é/í seo. Mura bhfuil sé seo cuí ná indéanta, fág am ionas go rachaidh na leanaí i dtaithí ar an duine atá ag éisteacht lena dtuairimí agus cuir duine a bhfuil aithne ag na leanaí air/uirthi agus a bhfuil muinín acu as/aisti ar fáil chomh

maith. Tá sé tábhachtach go bhfuil roinnt scileanna tábhachtacha agus tréithe pearsanta ag an duine a éascaíonn an seisiún. Ba cheart go n-áireofaí leo seo an cumas chun éisteacht le leanaí, cumarsáid a dhéanamh leo agus géarchúis, agus chomh maith leis sin ba cheart go mbeidís solúbtha, machnamhach agus dearfach.

- o **Conas?:** Cén chaoi a n-éistfeá le tuairimí na leanaí? B'fhéidir nach mbeidh tú ábalta cinneadh deiridh a dhéanamh ag an tráth seo ach ba cheart raon modhanna a chur san áireamh. Is maith le roinnt leanaí labhairt, is maith le cuid eile bheith ag scríobh, is maith le cuid eile tarraingt, is maith le cuid eile a dtuairimí a chur in iúl ar bhonn duine le duine, agus is maith le cuid eile obair i ngrúpaí.
- o **Cad a tharlóidh ina dhiaidh sin?:** Cad a dhéanfar bunaithe ar thuairimí na leanaí? Cé dó a chuirfeá na tuairimí in iúl agus conas a dhéanfar é seo? Conas a chuirfeá na leanaí ar an eolas maidir le cad a tharla leis an eolas a chuir siad ar fáil?



Ag Cur Bealaí ar Fáil do Leanaí a dTuairimí a Chur in Iúl

Take My Hand: Taithí Daoine Óga maidir le Seirbhísí Meabhairshláinte

Inár dtuarascáil ón bhliain 2018, lorg Oifig an Ombudsman do Leanaí tuairimí ó leanaí a raibh cúram sláinte mheabhrach othar cónaitheach á fháil acu in aonad sláinte mheabhrach leanaí agus inmheach. Ceistíodh an 25 rannpháirtí maidir le conas ba mhaith leo a dtuairimí a chur in iúl dúinn. Níor brúdh aon mhodh orthu ag an Oifig agus bhí sé faoi na leanaí féin an rogha a dhéanamh. Roghnaigh cuid acu a dtuairimí a chur in iúl trí fhócasghrúpaí stiúrtha, cuid eile trí agallaimh duine le duine, agus roghnaigh cuid eile a dtuairimí a chur in iúl trí ealaín a rinne siad féin nó a rinne siad i ngrúpa. Roghnaigh cuid acu úsáid a bhaint as modh amháin.

Féach www.oco.ie/MentalHealthReport_2018.pdf

Bí cuimsitheach ón tús

A mhéid is féidir, tabhair páirt do leanaí sna gníomhaíochtaí thuasluaite. Spreagfaidh sé seo na leanaí chun páirt a ghlacadh agus tacóidh sé lena chinntiú go bpleanálfaid agus go dtabharfaid faoin bpróiseas rannpháirtíochta ar bhealach a bhaineann leo agus a bhfuil siad compordach leis. Má tá tú ag tabhairt faoi chleachtas grúpa rannpháirtíochta, smaoinigh ar dhul i gcomhairle le líon beag leanaí agus daoine óga maidir leis an bpróiseas pleanála trí ghrúpa beag comhairleach, lena n-áirítear ionadaithe a cheapadh ar choiste pleanála nó trí mhodhanna eile.



Conas a bheith Cuimsitheach ón Tús

It's Our Brexit Too: Cearta Leanaí, Guthanna Leanaí

Sa bhliain 2017, in éineacht le Coimisinéir Thuaisceart Éireann um Leanaí agus Daoine Óga, thug Oifig an Ombudsman do Leanaí grúpa stiúrtha inar ghlac os cionn 20 duine óga páirt le chéile chun comhdháil ar chearta leanaí agus an Breatimeacht a phleanáil, a eagrú agus a reáchtáil. Shainaithin an grúpa stiúrtha príomhthéamaí le dul i ngleic leo agus na daoine ar cheart cuireadh a thabhairt dóibh, rinne siad cur i láthair os comhair 120 rannpháirtithe agus d'éascaigh siad cainteanna leo ag an gcomhdháil, agus bhí tionchar acu ar an tuarascáil deiridh don tionscadal.

Féach www.oco.ie/library/brexit-childrens-rights-childrens-voices/

Bí faisnéiseach

Tá sé riachtanach go gcuirfear faisnéis leordhóthanach chruinn agus chuí ar fáil do leanaí faoin ábhar agus faoin bpróiseas rannpháirtíochta ionas go mbeidh siad ábalta a dtuairimí a chur in iúl. Braithfidh an méid agus an cineál faisnéise a thugann tú do leanaí faoi ábhar nó cinneadh, chomh maith le conas a thugann tú an fhaisnéis seo do leanaí, ar roinnt imthosca lena n-áirítear aois, cumas agus cibé acu an bhfuil aithne acu ort cheana nó nach bhfuil. Má tá páirt acu i d'eagraíocht cheana féin, ba cheart faisnéis a thabhairt dóibh ar bhealach atá oiriúnach d'aois faoi na rudaí seo a leanas:

an cheist a bhfuil tú ag iarraidh a dtuairimí a fháil fúithi agus cén fáth	cé a bhaileoidh a dtuairimí agus conas a bhaileoidh siad iad
conas is féidir leo páirt a ghlacadh	cad a mbeifear ag súil uathu
cén áit a dtarlóidh an próiseas rannpháirtíochta	cad a dhéanfar lena gcuid tuairimí

Mura bhfuil na leanaí páirteach i d'eagraíocht cheana féin, ná déan dearmad eolas a thabhairt dóibh faoi seo chomh maith. Beidh am de dhíth ar na leanaí chun aithne a chur ort agus ar an duine a éascóidh a rannpháirtíocht. Ba cheart faisnéis a chur ar fáil do na leanaí agus dá dtuismitheoirí nó caomhnóirí. Is féidir sampla maidir le conas a chuireann Oifig an Ombudsman do Leanaí eolas ar fáil ag an gcéim seo a aimsiú ag www.oco.ie/app/uploads/2018/12/Sample-Information-for-Young-People-Irish.pdf.



Bí eiticiúil agus dlíthiúil

Scríobhadh a lán foilseachán i dtaca le cleachtas eiticiúil rannpháirtíochta le leanaí agus daoine óga. Is iad seo a leanas roinnt de na bunrialacha nach mór duit cloí leo:

- Faigh **toiliú** deonach feasach agus scríofa ó thuismitheoirí/caomhnóirí an linbh i gcónaí a chuireann in iúl go bhfuil cead ag a leanbh páirt a ghlacadh, agus faigh é i dtaca le grianghraif, taifid srl. agus aon úsáid a mbainfear as. Féach www.oco.ie/app/uploads/2018/12/Sample-Consent-Form-Irish.pdf le haghaidh sampla d'fhoirm toilithe de chuid Oifig an Ombudsman do Leanaí.
- Más féidir, faigh **comhaontú** deonach feasach agus scríofa ón leanbh nó duine óg. Mura bhfuil an leanbh ábalta comhaontú i scríbhinn a thabhairt, ba cheart comhaontú ó bhéal a fháil agus a thaifeadadh. Déantar é seo lena chinntiú go bhfuil an leanbh compordach páirt a ghlacadh agus níl siad ag glacadh páirt ach mar go bhfuil a dtuismitheoir nó caomhnóir ag iarraidh go nglacann siad páirt. Le haghaidh sampla d'fhoirm chomhaontaithe de chuid Oifig an Ombudsman do Leanaí www.oco.ie/app/uploads/2018/12/Sample-Assent-Form-Irish.pdf.
- Tá sé tábhachtach go dtuigeann leanaí (agus thuismitheoirí/caomhnóirí) go bhfuil rannpháirtíocht deonach agus gur féidir leo diúltú do pháirt a ghlacadh nó tarraingt siar gan aon tionchar a bheith aige sin orthu. Cuimhnigh go bhfuil sé de cheart ag leanaí páirt a ghlacadh; níl sé d'oibleagáid orthu.
- Bí soiléir maidir le conas a chosnófar rúndacht agus/nó anaithnideacht leanaí agus na teorainneacha leis seo. Inis do leanaí i gcónaí go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ort aon nochtadh de ghníomhaíocht choiriúil nó mí-úsáid a thuairisciú don údarás ábhartha.
- Ní mór grinnfhiosrúchán Garda a bheith déanta ag d'eagraíocht ar dhaoine fásta a oibríonn go díreach le leanaí, agus ní mór do na daoine fásta a bheith ar an eolas maidir lena bhfreagrachtaí cosanta leanaí faoi *Tús Áite do Leanaí* (féach www.tusla.ie/uploads/content/Children_First_National_Guidance_2017.pdf)
- Nuair a iarrtar tuairimí na leanaí, is dócha go mbeidh ort roinnt dá sonraí pearsanta agus roinnt de shonraí pearsanta a dtuismitheoirí/caomhnóirí a bhailiú. Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) de chuid an AE i bhfeidhm i mí Bealtaine 2018. Ní mór duit bheith ar an eolas maidir le d'oibleagáidí faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018. Tá tuilleadh eolais maidir le cearta agus oibleagáidí cosanta sonraí ar fáil ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí ag www.dataprotection.ie.

Le haghaidh sonraí maidir le cleachtas eiticiúil taighde (lena n-áirítear rannpháirtíocht) ina nglacann leanaí páirt, féach *Guidance for developing ethical research projects involving children* ag www.dcy.gov.ie/documents/Publications/Ethics_Guidance.pdf



Bí uileghabhálach

Tá sé de cheart ag gach leanbh, gan aon eisceacht, éisteacht a fháil gan idirdhealú bunaithe ar aois, míchumas, reiligiún srl. Smaoinigh faoi conas is féidir éagsúlacht leathan leanaí a chur san áireamh. Mar shampla, má tá sé de rún agat bualadh le leanaí, an féidir le leanaí faoi mhíchumas rochtain a fháil ar an spás cruinnithe? An bhfuil sé lonnaithe in áit is féidir le rannpháirtithe a bhaint amach? Ar smaoinigh tú faoi bhealaí is féidir le leanaí a bhfuil leibhéil dhifriúla cumais agus litearthachta acu a dtuairimí a roinnt, cosúil le bheith ag labhairt nó ag tarraingt? An bhfuil do chruinniú beartaithe d'am a oireann leanaí ó reiligiúin dhifriúla? Ar chuir tú úsáid teicneolaíochta agus aipeanna meán sóisialta san áireamh maidir le tuairimí na leanaí nach féidir leo bualadh leat ar bhonn duine le duine a chloisteáil?

Le haghaidh smaointe agus comhairle maidir le conas leanaí faoi mhíchumas a chur san áireamh, *Re:action Consultation Toolkit* (leathanach 29-30) ag www.savethechildren.org.uk/content/dam/global/reports/advocacy/consultation-toolkit.pdf



CÉIM 2: RANNPHÁIRTÍOCHT A CHUR I bhFEIDHM

- o Bí fáilteach
- o Cuir leanaí ar a suaimhneas
- o Bí soiléir
- o Bí cruthaitheach
- o Bí solúbtha
- o Bí toilteanach roinnt smachta a thabhairt uait
- o Bí tuisceanach
- o Bí ar an airdeall gan do thuairim féin a bhrú

Bí fáilteach

Tá sé tábhachtach go bhfuil leanaí ar a gcompord agus go gcuirtear fáilte rompu in aon phróiseas rannpháirtíochta. Déan cinnte go bhfuil dóthain daoine ann le fáilte a chur roimh na leanaí agus le taispeáint dóibh cén áit le dul, cá bhfuil na seomraí folctha, cén áit ar féidir leo uisce a fháil, srl. Tabhair am dóibh le socrú síos san áit agus le haithne a chur ar a chéile murar oibrigh siad le chéile roimhe seo. Déan cinnte go bhfuil ábhar ann dóibh le breathnú air, agus cuir tús le gníomh gearr ar féidir leo é a dhéanamh ina n-aonar nó lena bpiarghrúpaí. Más turas fada a bhí ann go dtí an áit, cuir béilí beaga agus deochanna ar fáil.



Ag socrú isteach le linn an Phróisis Rannpháirtíochta

An Clár Emoji

Is gníomh an-ghearr agus éasca é seo a bhaineann Oifig an Ombudsman do Leanaí úsáid as nuair a thagann leanaí go dtí ár n-oifig den chéad uair. Cuir réimse emoji ar fáil ar chártaí aonair. Iarr ar na rannpháirtithe óga emoji amháin nó níos mó a roghnú a chuirfeadh in iúl cad a mhothaíonn siad faoin bpróiseas rannpháirtíochta agus cuir na cártaí ar chlár, balla nó fuinneog. Tugann sé seo rud éigin le déanamh dóibh nuair a thagann siad agus cuireann sé bealach úsáideach ar fáil le tús a chur leis an gcleachtas rannpháirtíochta.

Cuir leanaí ar a suaimhneas

Is bealach maith iad *ice breakers* le gach duine a chur ar a suaimhneas agus iad i gcomhlúadar a chéile, agus is féidir leo cuidiú le spiorad foirne nó grúpa a chothú, go háirithe mura bhfuil aithne ag leanaí ar a chéile. Roghnaigh *ice breaker* a bhfuil spraoi ag baint leis, agus a oireann an spás fisiciúil agus aois agus cumas na leanaí. Ba cheart go nglacfaidh na daoine fásta páirt chomh maith, mar cuidíonn sé seo le mothú 'iadsan agus muidne' a shárú agus taispeánann sé go bhfuil na daoine fásta sásta páirt a ghlacadh in éineacht leis na leanaí.

Tá roinnt *ice breakers* sa doiciméad *Re:action Consultation Toolkit* (leathanach 83-85) ag www.savethechildren.org.uk/content/dam/global/reports/advocacy/consultation-toolkit.pdf

Tá smaointe maidir le *ice breakers* do leanaí ag aoiseanna difriúla ar go leor suíomhanna gréasáin. Cuardaigh *ice breakers* do leanaí agus daoine óga

Bí soiléir

B'fhéidir gur chuir tú faisnéis ar fáil do na leanaí agus daoine óga sular thosaigh an cleachtas rannpháirtíochta, ach ní fhágann sé sin gur thuig siad an fhaisnéis i gceart nó nach bhfuil ceisteanna acu. Cuir tús leis an seisiún trí chur síos a dhéanamh ar cén fáth ar iarr tú orthu páirt a ghlacadh. Cuir faisnéis atá oiriúnach d'aois agus cumas ar fáil maidir leis an tsaincheist a bhfuil tú ag iarraidh a dtuairimí fúithi agus tabhair achoimre ar cad atá beartaithe don seisiún. Fiafraigh de na leanaí an bhfuil aon cheisteanna nó moltaí acu, nó an bhfuil siad ag iarraidh fáil amach faoi rudaí praiticiúla, nó iad a chur in iúl duit.

Réitigh an Coimisinéir do Leanaí agus Daoine Óga in Albain *7 Golden Rules for Participation*, nó '7 Bunriail maidir le Rannpháirtíocht', agus tá leagan amháin ar fáil i dtaca le leanaí níos óige agus leagan eile lena úsáid i dtaca le leanaí níos sine. Cuireann Riail 5, Tacaigh Liom, roinnt leideanna úsáideacha ar fáil a bhaineann le bheith soiléir le leanaí. Féach www.cypcs.org.uk/education/golden-rules

Bí cruthaitheach

Is iomaí bealach tuairimí leanaí agus daoine óga a chloisteáil. Cuardaigh na modhanna is fearr a oireann rannpháirtithe, ach cuimhnigh go bhféadfar go mbeidh gá na modhanna a chur in oiriúint don ghrúpa agus saincheist ar leith a bhfuil tú ag plé léi. Bí samhlaíoch agus tú ag smaoineamh faoi sin, agus iarr ar thuairimí na leanaí maidir leis na modhanna atá á moladh agat nó ar bhain tú úsáid astu leo.

Áirítear le go leor de na treoracha agus sraitheanna straitéisí maidir le rannpháirtíocht leanaí samplaí de na bealaí difriúla inar féidir leo a dtuairimí a chur in iúl. Cuireann an *Child and Youth Participation Toolkit* de chuid Tusla agus *A Practical Guide to Including Seldom-Heard Children and Young People in Decision-Making* de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige roinnt straitéisí rannpháirtíochta ar fáil ar féidir iad a chur in oiriúint do leanaí, grúpaí agus topaicí. Tá siad ar fáil ag [www.tusla.ie/uploads/content/Tusla_-_Toolkit_\(web_version\).pdf](http://www.tusla.ie/uploads/content/Tusla_-_Toolkit_(web_version).pdf) agus www.dcy.gov.ie/documents/publications/20150903PracticalGuieSeldomHeardChildren.pdf

Bí solúbtha

Is é ceann de na príomhróil atá ag an éascaitheoir ná cinnte a dhéanamh go bhfuil deis ag gach duine iad féin a chur in iúl, más mian leo, ar bhealach cuí. Ní mór aon chleachtas rannpháirtíochta a fhaire agus a bhainistiú go cúramach lena chinntiú go mbraitheann gach duine sábháilte, go bhfuil siad curtha san áireamh, agus nach bhfuil duine nó tuairim amháin ag múchadh na daoine agus tuairimí eile.

Ach d'fhéadfadh sé tarlú go rachadh na socruithe is fearr amú chomh maith, agus tá sé tábhachtach go gcuirfear an seans seo san áireamh agus go bhfuil plean ar bun a chuirfear i bhfeidhm má tharlaíonn sé seo. Ar an lá tá seans nach nglacfaidh roinnt leanaí páirt, nach mbeidh mórán le rá ag cuid eile acu, go mbraithfidh cuid eile acu fágtha amach, nó nach n-oibreoidh na modhanna a roghnaigh tú chomh maith is a raibh tú ag súil leis.

Is straitéis amháin chun rannpháirtithe a bhfuil neart le rá acu a bhainistiú ná tréimhse ama sonraithe a thabhairt do gach duine lena dtuairim a chur in iúl. Má tá roinnt leanaí an-chúthail nó mura bhfuil siad ar a gcompord agus iad ag labhairt le grúpa, smaoinigh ar bhealaí eile a chur ar fáil dóibh lena dtuairimí a chur in iúl, cosúil le bosca tráchttaireachta a chur ar fáil ar féidir leo a dtuairimí a chur ann nó balla tráchttaireachta ar féidir leo scríobh nó tarraingt air. Braitheann gach duine go bhfuil siad curtha san áireamh mar gheall air sin agus laghdaíonn sé seo an strus atá ar dhaoine.

Sna himthosca sin, tá sé tábhachtach a bheith oscailte leis na rannpháirtithe nuair nach dtéann rudaí de réir mar is ceart, agus ceisteanna a chur orthu maidir le conas dul i ngleic le haon fhadhbanna agus conas an próiseas a chur ar a bhoinn arís. Fiú amháin nuair a théann rudaí de réir mar is ceart, faigh aiseolas ó na leanaí maidir le cén chaoi ar éirigh le rudaí go dtí seo, chomh maith leis na modhanna a úsáideadh le linn an phróisis rannpháirtíochta, agus a bheith sásta na bealaí oibre a chur in oiriúint dá riachtanais.

Be willing to hand over some control

Tá sé tábhachtach go bhfuil roinnt smachta ag na leanaí ar an bpróiseas rannpháirtíochta más féidir. Spreagann sé seo a rannpháirtíocht agus a dtiomantas. Is bealach amháin é seo a dhéanamh, seachas páirt a thabhairt dóibh sa chéim phleanála, ná iarraidh orthu a mbunrialacha féin nó rialacha comhraic a scríobh. Ba cheart go leagfaí amach iontu conas a rachaidh na rannpháirtithe i dteagmháil lena chéile agus leis na daoine fásta atá páirteach.

Is bealach eile é seo a dhéanamh ná ról éagsúla a thabhairt do na leanaí, cosúil le hurlabhraithe do ghníomhaíochtaí grúpa, daoine a ghlacann nótaí nó éascaitheoirí. Is féidir é seo a dhéanamh trí fhéinroghnú nó trí ainmniúcháin a fháil ón ngrúpa, ach déan cinnte go gcuireann tú tacaíocht ar fáil do na leanaí a ghlacann leis na ról seo.

Is féidir leat fiafraí de na leanaí cé hiad na daoine a bhfuil siad ag iarraidh tionchar a imirt orthu agus conas atá siad ag iarraidh é seo a dhéanamh, lena n-áirítear an bhfuil siad ag iarraidh páirt ghníomhach a ghlacadh trí chruinnithe leis an lucht déanta cinntí, cuir i láthair a dhéanamh, srl.

Cé gur cuireadh le chéile é go saineúil d'obair cosanta leanaí, is féidir teacht ar smaointe úsáideacha maidir le conas is féidir le grúpaí a mbunrialacha féin a fhorbairt i *Children's Participation in Child Protection*, leathanach 4-5, ag www.keepingchildrensafe.org.uk/sites/default/files/KCSTool4%20-%20English.pdf

Bí tuisceanach

Beidh dúshlán éagsúla roimh leanaí nuair a thagann siad go dtí an próiseas rannpháirtíochta. Mar shampla, féadfar go mbeidh roinnt leanaí ag iarraidh páirt a ghlacadh ach go mbeidh sé deacair acu roinnt ceisteanna a phlé, agus go mbeidh sé deacair ar chuid eile acu a bheith i ngrúpa ar feadh tréimhse fhada. Is bealach amháin le dul i ngleic leis sin ná cinnte a dhéanamh go bhfuil spás ciúin sábháilte ar fáil inar féidir leo a scíth a ligean ina n-aonar nó le cara nó ball foirne.

Bí ar an airdeall gan do thuairim féin a bhrú

Tá a thuairim féin ag gach duine agus bíonn daoine ag súil le rudaí difriúla ó phróisis rannpháirtíochta. Mar dhuine fásta, is éasca talamh slán a dhéanamh de go dtuigimid cad atá i gceist ag leanaí nuair a deir siad rud éigin, ach uaireanta ní bhíonn daoine fásta ceart nó leagann siad béim ar a ndearcadh féin. Féadfar go dtáirgfear a lán tuairimí agus smaointe difriúla le linn próiseas rannpháirtíochta agus go mbeidh gá iad a anailisiú agus a eagrú.

Tá sé tábhachtach go ndéanann tú cinnte leis na rannpháirtithe go dtuigeann tú cad a dúirt siad leat, agus gur bhain tú an brí cheart as a dtuairimí, in áit béim a leagan ar do thuairim féin. Uaireanta is féidir é seo a dhéanamh ag deireadh an tseisiúin rannpháirtíochta. Uaireanta ciallaíonn sé seo go dtógann tú an méid a dúradh leat, go ndéanann tú anailís air agus go dtugann tú na leanaí le chéile arís le seiceáil gur thuig tú i gceart é agus chun aon athrú atá de dhíth a dhéanamh. Féadfar go mbeidh sé seo chomh simplí le: 'Sin é an méid a dúirt tú (agus na leanaí eile) linn. Seo é an bhrí ar bhaineamar as agus na tosaíochtaí a gceapaimid a bhfuil agat. An bhfuil an ceart againn?'

CÉIM 3: BEARTA LEANTACHA I nDIAIDH RANNPHÁIRTÍOCHTA

- Bí buíoch
- Bí oscailte le haiseolas
- Bí oscailte maidir le deis a thabhairt do leanaí agus daoine óga a dtuairimí féin a chur in iúl
- Bí machnamhach

Bí buíoch

Tá sé de cheart ag leanaí a dtuairimí a chur in iúl, ach níl sé d'oibleagáid a dtuairimí a roinnt. Tá sé tábhachtach go nglacfar buíochas le leanaí as a gcuid oibre agus cuidiú nuair a chuirtear próiseas rannpháirtíochta i gcrích. Is féidir é seo a dhéanamh i scríbhinn agus ó bheal. Féadfar go dtabharfar comharthaí buíochais do na leanaí nó go bpleanálfar ceiliúradh.

Bí oscailte le haiseolas

Ba cheart leanaí agus daoine óga a bheith ar an eolas i gcónaí maidir le cad a rinneadh leis na tuairimí a chuir siad in iúl. Cé leis a roinneadh a dtuairimí agus conas a roinneadh iad? Má d'iarr tú tuairimí na leanaí maidir le cinneadh a bhí á dhéanamh ag d'eagraíocht, inis dóibh cén cinneadh a rinneadh agus conas a d'imir a dtuairimí tionchar air. Má rinneadh cinneadh a bhí i gcoinne a dtuairimí, mínigh na cúiseanna leis sin. Má dhéantar cinntí ag eagraíochtaí eile, mínigh cé hiad na heagraíochtaí sin agus conas a roinneadh tuairimí na leanaí. Má cuireadh a dtuairimí san áireamh sa tuarascáil, ba cheart cóip den tuarascáil nó achoimre air, i dteanga atá oiriúnach, a chur ar fáil do na rannpháirtithe.

Bí oscailte maidir le tacaíocht a thabhairt do leanaí agus daoine óga a dtuairimí féin a chur in iúl

Roinntear tuairimí leanaí leis an lucht déanta cinntí agus daoine eile ag na daoine fásta a phleanáil agus/nó a d'éascaigh an próiseas i ndiaidh cleachtais rannpháirtíochta le leanaí. In imthosca áirithe, tá sé seo cuí agus tá sé chun leas na leanaí. Ach i go leor imthosca féadfar gur bealach cumhachtach é tionchar a imirt ar chinntí é deiseanna a thabhairt do leanaí dul i dteagmháil leis an lucht déanta cinntí go díreach, agus a dtuairimí féin chomh maith le tuairimí a bpiaraí a chur i láthair. Féadfar go mbeidh tacaíocht de dhíth orthu, cosúil le cruinnithe leis an lucht déanta cinntí a shocrú nó ceardlann maidir le hóráidíocht phoiblí a chur ar fáil, ionas go mbeidh siad ábalta dul i mbun teagmhála ag an leibhéal sin.

Bí machnamhach

Is deis é gach próiseas rannpháirtíochta foghlaim faoi conas is féidir linn tacaíocht níos fearr a thabhairt do leanaí a dtuairimí a chur in iúl. Tá sé riachtanach, mar sin, go n-iarrfar ar aiseolas ó na leanaí maidir lena dtaithí ar rannpháirtíocht. Cuideoidh an measúnú seo ar do chuid oibre leat foghlaim ó, agus feabhas a chur ar, do chleachtas. Is féidir é seo a dhéanamh go simplí trí cheist a chur ar rannpháirtithe maidir le cad a cheap siad gur éirigh maith leis le linn rannpháirtíochta, cad nár éirigh leis, cad ar mhaith leo a athrú dá ndéanfaidís arís é. Is féidir é seo a bhailiú ó bhéal agus/nó trí fhoirmeacha aiseolais. Ba cheart duit smaoineamh ar aiseolas anaithnid ó leanaí a éascú, mar braithfidh siad níos compordaí le haiseolas criticiúil a thabhairt.

Le haghaidh smaointe maidir le haiseolas a thabhairt do leanaí agus tionscadail rannpháirtíochta a mheasúnú, féach *Children's Participation in Public Decision-Making: Why should I involve children* at www.eurochild.org/uploads/tx_news/OEJAJ_VADEMECUM.pdf



ROINNT ACMHAINNÍ BREISE AR LÍNE

Anuas ar na hacmhainní thuasluaite, féadfar go mbeidh na hacmhainní seo a leanas úsáideach agus cleachtas rannpháirtíochta le leanaí á phlé, á phleanáil, á chur i bhfeidhm agus á mheasúnú.

- Le haghaidh forléargais ar sheasamh na Náisiún Aontaithe maidir le tuairimí leanaí a chloisteáil, féach an doiciméad *General Comment No. 12 (2009) The Right of the Child to be Heard* ag: www2.ohchr.org/english/bodies/crc/docs/AdvanceVersions/CRC-C-GC-12.pdf
- Sa bhliain 2015, sheol an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an *Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga sa Chinnteoireacht 2015-2020*. Is é seo an chéad straitéis den chineál seo san Eoraip agus is féidir teacht ar ag: www.dcy.gov.ie/documents/playandrec/20150617NatStratonChildrenandYoungPeoplesParticipationinDecisionMaking2015-2020.pdf
- Cuireadh Hub na nÓg ar bun ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige sa bhliain 2017 mar ionad barr feabhais agus chun rannpháirtíocht leanaí a chomhordú. Tá bunachar sonraí maidir le hacmhainní agus foilseacháin ar rannpháirtíocht leanaí ag Hub na nÓg. Is féidir teacht ar an mbunachar sonraí ag: www.hubnanog.ie/database/
- Le haghaidh forléargais ar an bpróiseas rannpháirtíochta le leanaí agus roinnt leideanna úsáideacha agus gníomhaíochtaí, féach an doiciméad de chuid Children's Commissioner of Tasmania, *Involving Children in Decision-making: Your Quick, Practical Guide* www.childcomm.tas.gov.au/wp-content/uploads/2015/06/Guide-to-making-decisions-booklet.pdf
- Le haghaidh forléargais maidir leis an 'cén fáth, cad, cé, cathain agus conas' i dtaca le rannpháirtíocht leanaí, chomh maith le caighdeáin chleachtais maidir leis an obair seo agus raon ábhar acmhainní breise, féach an doiciméad de chuid Jordan's Change for Children Consultancy Ltd., *A Guide to the Effective Involvement of Young People: Resource Pack*: www.nwleics.gov.uk/files/documents/guide_to_involving_children_and_young_people/Guide%20to%20Involving%20Children%20and%20Young%20People.pdf
- Le haghaidh buntreorach maidir leis an gcur chuige Mosaic a úsáidtear le leanaí óga (idir 3 agus 6 bliana), féach caibidil de chuid Alison Clarke i *Ways of Seeing: using the Mosaic approach to listen to young children's perspectives* (i Clark, Alison; Kjærholt, Anne Trine and Moss, Peter eds. *Beyond listening: Children's Perspectives on Early Childhood Services*. Bristol: Policy Press, lth. 29–49.) learningaway.org.uk/wp-content/uploads/RL56-Extract-the-Mosaic-Approach-EARLY-YEARS.pdf
- Cé go bhfuil sé beartaithe do mheasúnuithe duine le duine in obair shóisialta/cúram sóisialta, is féidir na bileoga oibre san acmhainn seo, de chuid na Roinne Oideachais sa Bhreatain agus Barnardos, a chur in oiriúint do chomhthéacsanna agus grúpaí eile: *Say it Your Own Way @ Children's Participation in Assessment: Resources* www.socialworkerstoolbox.com/say-way-40-worksheets-facilitating-childrens-participation-assessment/
- Tá an foilseachán seo de chuid Chomhairle Contae East Sussex beartaithe d'obair shóisialta, ach is féidir na modhanna a úsáid nó a chur in oiriúint d'úsáidí eile: *Children's Participation Toolkit for Social Workers and Early Help Practitioners*: www.socialworkerstoolbox.com/childrens-participation-toolkit-for-social-workers/
- Le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le leanaí faoi mhíchumas agus a rannpháirtíocht, féach an doiciméad de chuid Unicef, *Engaging Children with Disabilities in Decisions Affecting their Lives*: www.unicef.org/adolescence/files/Take_Us_Seriously.pdf

Notes





ombudsman
do leanaí
for children

Ombudsman for Children's Office
Millenium House
52-56 Great Strand Street
Dublin 1
D01 F5P8

T: 01 865 6800
F: 01 874 7333
E: oco@oco.ie
www.oco.ie
🐦 @OCO_ireland